Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**11014/21**

| | |
|---|---|
| **FIN 631** | **TELECOM 301** |
| **ESPACE 75** | **MI 580** |
| **RECH 362** | **ENER 339** |
| **COMPET 566** | **EMPL 326** |
| **IND 207** | **CSC 289** |
| **EU-GNSS 35** | **CSCGNSS 15** |
| **TRANS 488** | **CSDP/PSDC 397** |
| **AVIATION 214** | **CFSP/PESC 737** |
| **MAR 146** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Iúil 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU Space programmes Galileo and Copernicus: services launched, but the uptake needs a further boost* [Cláir spáis an Aontais Eorpaigh Galileo agus Copernicus: seirbhísí seolta, ach gá borradh breise a chur faoina nglacadh] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU Space programmes Galileo and Copernicus: services launched, but the uptake needs a further boost* [Cláir Spáis an Aontais Eorpaigh Galileo agus Copernicus: seirbhísí seolta, ach gá borradh breise a chur faoina nglacadh] a ghlac an Chomhairle ag an 3808ú cruinniú a bhí aici an 13 Iúil 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***EU Space programmes Galileo and Copernicus: services launched, but the uptake needs a further boost [Cláir spáis an Aontais, Galileo agus Copernicus: seirbhísí seolta, ach gá borradh breise a chur faoina nglacadh]***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

A. Á MHEABHRÚ DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Spáis don Eoraip, a tíolacadh an 26 Deireadh Fómhair 2016[1] agus go háirithe an sprioc saothrú a dhéanamh ar acmhainneacht chláir spáis Eorpacha tríd an leas is mó is féidir a bhaint as an Spás don tSochaí agus do gheilleagar an Aontais;

B. Á MHEABHRÚ DI go bhforáiltear sa Rialachán maidir le Clár Spáis an Aontais do chreat aonair do na tionscnaimh agus cláir spáis, lena ndéantar a leanúnachas a áirithiú agus lena gcuirtear feabhas ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil chun an leas is mó is féidir a bhaint as an gClár, agus lena ndéantar gníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh ag úsáideoirí agus sa mhargadh a chuíchóiriú agus gníomhaíochtaí forbartha feidhmeanna iartheachtacha le haghaidh chomhpháirteanna uile an Chláir; agus go bhfuil seirbhísí Galileo agus Copernicus oibríochtúil agus go bhfuil a saothrú agus a n-úsáid iartheachtach tábhachtach chun a gcuspóirí a bhaint amach;

C. Á ADMHÁIL DI gur scrúdaíodh san iniúchadh ón gCúirt Iniúchóirí an ndearna nó nach ndearna an Coimisiún an méid seo a leanas: (a) straitéis chuimsitheach réamhbhreathnaitheach a fhorbairt chun glacadh na seirbhísí arna gcur ar fáil ag cláir spáis an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear na gníomhaithe ábhartha uile; (b) córais fhónta a chur ar bun chun measúnú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le cláir spáis an Aontais agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí straitéiseacha; (c) gníomhaíocht éifeachtach chun glacadh na seirbhísí a mhéadú; agus (d) bearta iomchuí a ghlacadh chun creat rialála a chruthú, a thacódh le glacadh na seirbhísí arna gcur ar fáil ag Copernicus agus Galileo;

[1] 13758/16.

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU Space programmes Galileo and Copernicus: services launched, but the uptake needs a further boost* [Cláir spáis an Aontais, Galileo agus Copernicus: seirbhísí seolta, ach gá borradh breise a chur faoina nglacadh] agus freagairtí an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é an chéad iniúchadh a rinne an Chúirt maidir le héifeachtacht na mbeart a thóg an Coimisiún chun glacadh na seirbhísí arna gcur ar fáil ag Galileo agus Copernicus a chur chun cinn, chun na tairbhí eacnamaíocha agus don tsochaí a chuirtear ar fáil leis na seirbhísí seo agus a bhfuiltear ag súil leo, a bhaint amach;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur réasúnaíocht ríthábhachtach é béim láidir ar riachtanais an úsáideora agus comhpháirteanna chlár spáis an Aontais á ndearadh agus á bhforbairt, chun fás agus tairbhí don tsochaí a spreagadh agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme bheartais earnála an Aontais;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS go ndearna an Chúirt athbhreithniú ar na cur chuige agus na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún, an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS[2] agus na heintitis Copernicus ar cuireadh cúram orthu agus tacaíocht á tabhairt le glacadh na seirbhísí arna gcur ar fáil ag cláir Galileo agus Copernicus, cé go ndearnadh EGNOS agus glacadh Sheirbhís Phoiblí Rialáilte Galileo a eisiaimh ó raon feidhme an iniúchta;

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb ionann raon feidhme na hiniúchóireachta agus tréimhse ó 2014 go lár 2020 agus gurbh é ba phríomhiarracht ag an gCoimisiún sa tréimhse sin an bonneagar spáis agus talún riachtanach a chur ar bun, rud atá fíor-riachtanach chun seirbhísí Galileo agus Copernicus a sholáthar agus riachtanach dá réir dá nglacadh ar an margadh agus ag úsáideoirí, ionas gur féidir le Galileo agus Copernicus araon – a bhfuil caighdeáin dhomhanda á leagan síos acu maidir le loingseoireacht satailíte agus Faire na Cruinne – a bheith oibríochtúil agus seirbhísí a chur ar fáil d’úsáideoirí; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cuireadh tús le gníomhaíochtaí maidir le glacadh úsáideoirí Copernicus, nach raibh ina gcuid de chuspóirí tosaigh an chláir, tar éis athbhreithniú meántéarma an chláir;

---

[2] A bhfuil Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) tagtha ina ionad anois.

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tátal go gcuireann Galileo agus Copernicus seirbhísí agus sonraí luachmhara ar fáil, ar thacaigh an Coimisiún leo ar bhealaí éagsúla, agus go bhfuil gá fós le hiarrachtaí chun leas a bhaint as an infheistíocht shuntasach a dhéantar chun na sochair shochaíocha agus eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach d'fhonn, ar an gcaoi sin, Margadh Inmheánach an Aontais a neartú, lena n-áirítear iomaíochas na gcuideachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, agus aghaidh a thabhairt ar struchtúr ilroinnte na margaí do sheirbhísí spáis;

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil infheistíochtaí suntasacha déanta ag an Aontas i gcláir spáis an Aontais agus mar chuid de Chreatchlár an Aontais de chuid Fís 2020, agus nach mór níos mó iarrachtaí a dhéanamh chun leas a bhaint as na hinfheistíochtaí suntasacha a rinneadh chun na tairbhí sochaíocha agus eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach, lena n-áirítear an méid a chuireann seirbhísí spáis agus sonraí leis na haistrithe digiteacha agus glasa; agus gur cumasóir é an Spás le haghaidh réimse leathan gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus teicneolaíocha, nuálaíochtaí agus gnólachtaí nua;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról a bhíonn ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh don Chlár Spáis (EUSPA), an ghníomhaireacht a bheidh freagrach as glacadh Galileo, EGNOS, agus Copernicus ar an margadh tráchtála a chur chun cinn, gan dochar do ghníomhaíochtaí agus seirbhísí Copernicus atá curtha ar iontaoibh eintitis eile, agus leas a bhaint as sineirgí chomhpháirteanna uile Chlár Spáis an Aontais;

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gurb é Galileo an chéad réaltbhuíon GNSS a chuirfidh ardseirbhísí ar fáil don úsáideoir, amhail fíordheimhniú agus ardchruinneas; agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil bearta rialála amhail eCall glactha cheana féin ag an gCoimisiún, ar bearta iad ar cheart cur leo ionas éascú a dhéanamh ar ghlacadh sheirbhísí Galileo i réimse na sábháilteachta ar bóithre agus na héigeandála ar bóithre; thairis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil caighdeáin idirnáisiúnta ann, mar atá i réimse na heitlíochta, lena gcuirtear deiseanna nua ar fáil chun tús a chur le gníomhaíochtaí rialála earnáilsonracha, rud ar dócha go dtacóidh sé le húsáid níos forleithne a bheith á baint as seirbhísí Galileo;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an chéad mholadh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun tacú ar bhealach níos éifeachtaí le glacadh sheirbhísí spáis an Aontais, agus gur cheart dó spriocanna réadúla agus intomhaiste a shainiú; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI i ndáil leis an méid sin go leagtar síos i gClár Spáis an Aontais don tréimhse 2021-2027 den chéad uair riamh creat do shonraí agus do sheirbhísí spáis uile an Aontais, creat lena gcuirfear bonn fónta ar fáil do straitéis chuimsitheach chun tacú le glacadh sheirbhísí spáis Galileo agus Copernicus, lena n-áirítear na gníomhaithe agus na heintitis ábhartha uile, lena n-áirítear geallsealbhóirí náisiúnta, ar na leibhéil éagsúla agus de réir a bhfreagrachtaí éagsúla, mar aon le sainiúlachtaí gach comhpháirte;

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dara moladh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún – d'fhonn meastachán a dhéanamh ar na sochair a bhaineann le seirbhísí spáis, ar bhealach níos iontaofa agus níos comhsheasmhaí, agus d'fhonn faireachán níos éifeachtaí a dhéanamh ar ghnóthú na bpríomhchuspóirí – creat coincheapúil a fhorbairt ar bhonn modhanna fónta agus sonraí iontaofa chun meastachán a dhéanamh ar thairbhí chláir spáis an Aontais agus chun feabhas a chur ar an tacar iomchuí táscairí feidhmíochta; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na forálacha a chumhdaítear i Rialachán Chlár Spáis an Aontais maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chláir i dtreo a chuspóirí; TUGANN SÍ DÁ HAIRE go ndearna GSA[3] creat fónta a fhorbairt cheana féin chun meastachán a dhéanamh ar bhuntáistí EGNSS agus gur cheart creat coincheapúil a fhorbairt amach anseo ar an mbonn sin;

[3] A bhfuil EUSPA tagtha ina ionad anois.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tríú moladh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún, d’fhonn tacaíocht níos fearr a thabhairt don ghlacadh agus d’fhonn rochtain éifeachtúil a chur ar fáil ar shonraí agus ar tháirgí spáis, a áirithiú go mbeidh Galileo ullamh go hiomlán agus go bhforbródh sé, i gcomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaithe ábhartha eile, creat fadtéarmach le haghaidh cur chuige níos inbhuanaithe agus níos comhtháite maidir le rochtain ar shonraí agus ar tháirgí Copernicus; AITHNÍONN SÍ na bearta éagsúla atá ar bun cheana chun glacadh sheirbhísí Galileo agus Copernicus ag an margadh agus ag úsáideoirí a chur chun cinn agus aithníonn sí go ndearna an Coimisiún gníomhaíochtaí spriocdhírithe go leor cheana féin, amhail taighde agus forbairt iartheachtach Fís 2020, clár eilimintí bunúsacha EGNSS, haiceatóin Copernicus agus Galileo, luasairí, gorlanna, Athsheachadáin agus Acadamh Copernicus, Seirbhísí Faisnéise agus Rochtana Sonraí Copernicus (DIAS), i measc nithe eile, ar mhaithe le glacadh sheirbhísí spáis an Aontais; agus MOLANN SÍ do EUSPA gníomhaíochtaí a bhaineann le gnéithe bunúsacha Galileo a chur chun cinn mar chuid den Rialachán maidir leis an gClár Spáis;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ceathrú moladh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún úsáid níos fearr a bhaint as an gcreat rialála d’fhonn glacadh seirbhísí faoi chláir spáis an Aontais a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar cé mar a d’féadfaí, trí bhíthin reachtaíocht nó caighdeáin de chuid an Aontais, an úsáid is fearr a bhaint as sonraí agus táirgí Copernicus agus úsáid Galileo a éascú i gcás gach aon roinn ábhartha den mhargadh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil tugtha isteach cheana féin ag an Aontas i gcás cuid de phríomhréimsí an mhargaidh (e.g. trealamh iompair agus raidió) bearta rialála de thaca le glacadh sheirbhísí spáis an Aontais agus gur cheart tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh maidir le bearta caighdeánaithe; agus AITHNÍONN SÍ go gcuirtear béim mhór i gClár Spáis an Aontais ar an earnáil iartheachtach, ar ghlacadh an mhargaidh agus ar shaothrú na sonraí spáis, rud a cheadóidh comhleanúnachas sna gníomhaíochtaí glactha a dhéanfaidh an margadh agus úsáideoirí sonraí agus seirbhísí spáis;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról atá ag EUSPA maidir le glacadh chomhpháirteanna uile an Chláir Spáis a chur chun cinn, lena n-áirítear Feasacht Shuíomhúil Spáis (SSA) agus Cumarsáid Satailíte Rialtasach (GOVSATCOM), agus an fhéidearthacht atá ann forbairt feidhmchlár ina gcomhtháthaítear seirbhísí agus sonraí ó na comhpháirteanna éagsúla a chur chun cinn, gan dochar do na gníomhaíochtaí seirbhíse agus úsáide a chuireann an Coimisiún de chúram ar eintitis a gcuirfear cúram orthu mar de chuid de chlár Copernicus; agus sa chomhthéacs sin, MEABHRAÍTEAR DI gur cheart don Choimisiún agus do EUSPA, trí bhíthin plean gníomhaíochta, glacadh seirbhísí spáis a chothú agus iomaíochas thionscal spáis iartheachtach an Aontais[4] a mhéadú;

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI na bearta atá i bhfeidhm cheana agus atá i gcomhréir le moltaí na Cúirte; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar EUSPA obair leantach a dhéanamh maidir leis an tuarascáil sin i gcás ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta, i gcomhar leis na gníomhaithe ábhartha de réir mar is iomchuí, agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoin dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na moltaí sin, bunaithe ar spriocanna ábhartha agus ar tháscairí feidhmíochta.

[4] 9163/21